*Uimhir* 10 *de* 2003

# An tAcht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 10 *de* 2003

# AN tACHT UM ÚDARÁS NÁISIÚNTA FORBARTHA TURASÓIREACHTA, 2003

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA


Alt

1. Gearrtheideal, comhlua agus comhfhorléiriú.
2. Léiriú.
3. Orduithe.
4. Caiteachais.
5. Aisghairmeacha.

CUID 2

AN tÚDARÁS NÁISIÚNTA FORBARTHA TURASÓIREACHTA

6. An lá bunaithe.
7. An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta.
8. Feidhmeanna an Údaráis.
9. Feidhmeanna breise a thabhairt don Údarás.
10. Cumhacht chun cuideachtaí a bhunú nó chun scaireanna i gcuideachtaí a fháil, a shealbhú nó a dhiúscairt.
11. Feidhmeanna a tharmligean.
12. Comhaontuithe maidir le daoine seachas an tÚdarás do chomhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis.
13. Treoruithe ón Aire.
14. Comhaltas an Údaráis.

15. Coinníollacha oifige chomhaltaí an Údaráis.

16. Corrfholúntais i measc chomhaltaí an Údaráis.

17. Luach saothair chomhaltaí an Údaráis.

18. Cruinnithe agus nós imeachta.

19. Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa.

20. Comhaltaí den Údarás do nochtadh leasanna áirithe.

21. Comhaltaí foirne do nochtadh leasanna áirithe.

22. Toirmeasc ar nochtadh neamhúdaraithe faisnéise faoi rún.

23. Coistí de chuid an Údaráis.

24. Deontais don Údarás.

25. Deontais ón Údarás.

26. Scéimeanna a bhaineann le cistí de chuid an Chomhphobail Eorpaigh.

27. Cuntais agus iniúchtaí.

28. Tuarascáil bhliantúil agus faisnéis.

29. Saoráil faisnéise.

30. Bronntanais.

31. An Príomhfheidhmeannach.

32. Cuntasacht an phríomhfheidhmeannaigh don Choiste um Chuntais Phoiblí.

33. Cuntasacht an phríomhfheidhmeannaigh do Choistí Oireachtais eile.

34. Foireann.

35. Foireann a aistriú chuig an Údarás.

36. Aoisliúntas.

CUID 3

Bord Fáilte Éireann agus an Chomhairle um Oideachas, Earcaíocht agus Oiliúint, Teoranta, a Dhíscaoileadh

37. Bord Fáilte Éireann agus an Chomhairle um Oideachas, Earcaíocht agus Oiliúint, Teoranta, a dhíscaoileadh.

38. Feidhmeanna a aistriú chuig an Údarás.

39. Talamh agus maoin eile a aistriú.

40. Cearta agus dliteanais a aistriú agus léasanna, ceadúnais agus ceadanna arna ndeonú ag comhlacht díscaoilte a bhuanú.

41. Dliteanas i leith caillteanas a tharlóidh roimh an lá bunaithe.

42. Forálacha de dhroim feidhmeanna, sócmhainní agus dliteanais a aistriú chuig an Údarás.

SCEIDEAL 1

Na hAchtacháin a Aisghairtear

SCEIDEAL 2

Feidhmeanna is Inchomhlíonta ag Conraitheoir

## Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| Acht na gCuideachtaí, 1963 | 1963, Uimh. 33 |
| Acht na gCuideachtaí, 1990 | 1990, Uimh. 33 |
| Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2001 | |
| Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 | 1993, Uimh. 8 |
| An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 | 1995, Uimh. 22 |
| An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 | 1997, Uimh. 2 |
| An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 | 1997, Uimh. 13 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil, 1991 | 1991, Uimh. 11 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 | 2001, Uimh. 37 |
| Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2001 | |
| An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | 1997, Uimh. 20 |
| An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 | 2001, Uimh. 45 |
| Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2001 | |
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1939 | 1939, Uimh. 24 |
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1952 | 1952, Uimh. 15 |
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1955 | 1955, Uimh. 5 |
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1957 | 1957, Uimh. 27 |
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1959 | 1959, Uimh. 27 |
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1961 | 1961, Uimh. 37 |
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1963 | 1963, Uimh. 22 |
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1966 | 1966, Uimh. 3 |
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1968 | 1968, Uimh. 29 |
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1970 | 1970, Uimh. 16 |
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1972 | 1972, Uimh. 28 |
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1975 | 1975, Uimh. 26 |
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1979 | 1979, Uimh. 22 |
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1983 | 1983, Uimh. 31 |
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1987 | 1987, Uimh. 11 |
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1995 | 1995, Uimh. 13 |
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1998 | 1998, Uimh. 45 |
| Na hAchtanna um Thrácht Cuartaíochta, 1939 go 1998 | |
| Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2001 | |

*Uimhir* 10 *de* 2003

# AN tACHT UM ÚDARÁS NÁISIÚNTA FORBARTHA TURASÓIREACHTA, 2003

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN COMHLACHT A BHUNÚ AR A dTABHARFAR AN tÚDARÁS NÁISIÚNTA FORBARTHA TURASÓIREACHTA NÓ, SA BHÉARLA, *THE NATIONAL TOURISM DEVELOPMENT AUTHORITY*; DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN BORD FÁILTE ÉIREANN AGUS AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS, EARCAÍOCHT AGUS OILIÚINT, TEORANTA A DHÍSCAOILEADH; DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN TURASÓIREACHT A CHUR CHUN CINN AGUS SAORÁIDÍ AGUS SEIRBHÍSÍ TURASÓIREACHTA A FHORBAIRT; DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN FEIDHMEANNA ÁIRITHE A AISTRIÚ Ó BHORD FÁILTE ÉIREANN AGUS ÓN gCOMHAIRLE UM OIDEACHAS, EARCAÍOCHT AGUS OILIÚINT, TEORANTA CHUIG AN ÚDARÁS NÁISIÚNTA FORBARTHA TURASÓIREACHTA; DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN FORÁLACHA ÁIRITHE DE NA hACHTANNA UM THRÁCHT CUARTAÍOCHTA, 1939 GO 1998 A AISGHAIRM; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE A BHAINEANN LEIS AN MÉID SIN. [13 *Aibreán* 2003]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

## CUID 1

### Réamhráiteach agus Ginearálta

Gearrtheideal, comhlua agus comhfhorléiriú.

**1.—**(1) Féadfar an tAcht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Thrácht Cuartaíochta, 1939 go 2003 a ghairm de na hAchtanna um Thrácht Cuartaíochta, 1939 go 1998 agus den Acht seo le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

Léiriú.

**2.—**(1) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

tá le "Údarás" an bhrí a shanntar dó le *halt 7*;

ciallaíonn "Achtanna na gCuideachtaí" Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2001;

tá le "comhlacht díscaoilte" an bhrí a shanntar dó le *halt 37*;

ciallaíonn "lá bunaithe" an lá a cheapfar faoi *alt 6*;

folaíonn "feidhmeanna" cumhachtaí agus dualgais, agus folaíonn tagairtí do chomhlíonadh feidhmeanna, maidir le cumhachtaí agus dualgais, tagairtí d'fheidhmiú na gcumhachtaí agus do chomhlíonadh na ndualgas;

forléireofar "leas ábhartha" de réir alt 2(3) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995;

ciallaíonn "Aire" an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta;

ciallaíonn "fochuideachta" fochuideachta de réir bhrí alt 155 d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

(2) San Acht seo—

(*a*) aon tagairt do Chuid, d'alt nó do Sceideal, is tagairt í do Chuid nó d'alt den Acht seo nó do Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'achtachán éigin eile atá beartaithe,

(*b*) aon tagairt d'fho-alt, do mhír nó d'fhomhír, is tagairt í don fho-alt, don mhír nó don fhomhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe, agus

(*c*) forléireofar tagairt d'aon achtachán mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú, cibé acu roimh an Acht seo a rith nó dá éis, le haon achtachán dá éis nó faoi.

Orduithe.

**3.**—Déanfaidh an tAire gach ordú (seachas ordú faoi *alt 5(2)* nó *6*) faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

Caiteachais.

**4.**—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Aisghairmeacha.

**5.**—(1) Déantar leis seo na hachtacháin a shonraítear i *gcolún (2)* de *Sceideal 1* a aisghairm a mhéid a shonraítear i *gcolún (3)* den Sceideal sin.

(2) Tiocfaidh na haisghairmeacha a dhéantar leis an alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó achtachán áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh achtacháin éagsúla.

## CUID 2

### AN TÚDARÁS NÁISIÚNTA FORBARTHA TURASÓIREACHTA

**6.**—Déanfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina lá bunaithe chun críocha an Achta seo. An lá bunaithe.

**7.**—(1) An lá bunaithe, beidh arna bhunú comhlacht ar a dtabharfar, faoi réir *fho-alt (5)*, an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta nó, sa Bhéarla, *the National Tourism Development Authority* (dá ngairtear "an tÚdarás" san Acht seo) chun na feidhmeanna a thugtar dó leis an Acht seo a chomhlíonadh. An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta.

(2) Beidh an tÚdarás ina chomhlacht corpraithe ag a mbeidh comharbas suthain agus séala oifigiúil agus beidh cumhacht agartha aige, agus féadfar é a agairt, ina ainm corpraithe, agus beidh cumhacht aige, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, chun talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt, agus beidh cumhacht aige chun aon mhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

(3) Déanfar séala an Údaráis a fhíordheimhniú—

(*a*) le sínithe 2 chomhalta den Údarás, nó

(*b*) le sínithe comhalta den Údarás agus comhalta d'fhoireann an Údaráis araon,

a bheidh údaraithe ag an Údarás chun gníomhú chuige sin.

(4) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala an Údaráis agus, mura suífear a mhalairt, glacfar i bhfianaise aon doiciméad a airbheartóidh gur ionstraim é a rinne an tÚdarás agus a bheith séalaithe le séala an Údaráis agus measfar gur ionstraim den sórt sin é gan a thuilleadh cruthúnais.

(5) Féadfaidh an tÚdarás Fáilte Éireann a thabhairt de thuairisc air féin chun críoch oibríochta.

**8.**—(1) Is iad feidhmeanna ginearálta an Údaráis— Feidhmeanna an Údaráis.

(*a*) na nithe seo a leanas a spreagadh agus a chur chun cinn agus tacú leo (laistigh nó lasmuigh den Stát)—

(i) forbairt tráchta cuartaíochta laistigh den Stát agus chun an Stáit,

(ii) forbairt agus margú saoráidí agus seirbhísí turasóireachta sa Stát,

(*b*) earcú, oiliúint, agus oideachas agus forbairt, daoine chun críoch fostaíochta i dtaca leis an tionscal turasóireachta sa Stát a spreagadh agus a chur chun cinn agus tacú leis an gcéanna,

(*c*) cláir d'óstáin, de thithe aíochta, de champaí saoire, de bhrúnna saoire, de láithreáin charbháin, de láithreáin champála, d'iostáin saoire cheadaithe, d'árasáin saoire, de mhótar-óstáin agus de bhrúnna óige a bhunú agus a chothabháil,

(*d*) taighde agus pleanáil i ndáil le haon ní a shonraítear i *mír (a)*, *(b)* nó *(c)* a chur chun cinn, agus gabháil don chéanna, cibé acu ina aonar nó i gcomhar le daoine eile, agus

(*e*) faoi réir *alt 25*, tacú le cibé fiontraíochtaí agus tionscadail—

(i) a bhaineann le forbairt tráchta cuartaíochta laistigh den Stát agus chun an Stáit, agus

(ii) a bhaineann le saoráidí agus seirbhísí turasóireachta sa Stát a fhorbairt agus a mhargú,

a mheasfaidh sé is cuí.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh an tÚdarás—

(*a*) chun críocha *fho-alt (1)(a)*—

(i) gabháil d'fhógraíocht agus d'urraíocht nó d'aon chineál eile poiblíochta,

(ii) liostaí d'áitribh chláraithe agus neamhchláraithe, agus cibé faisnéis turasóireachta eile a mheasfaidh sé is cuí, a fhoilsiú, nó

(iii) oifigí faisnéise turasóireachta a bhunú agus a oibriú,

(*b*) i ndáil le hearcú, oiliúint, agus oideachas agus forbairt, daoine lena mbaineann *fo-alt (1)(b)*, cabhair airgeadais a sholáthar (lena n-áirítear airgead a dheonú i leith an earcaithe sin, na hoiliúna sin, nó an oideachais agus na forbartha sin, do dhaoine atá ag gabháil dó sin),

(*c*) i ndáil le fiontraíocht nó tionscadal lena mbaineann *fo-alt (1)(e)*, na nithe seo a leanas a sholáthar—

(i) cabhair airgeadais (lena n-áirítear airgead a dheonú i leith na fiontraíochta nó an tionscadail lena mbaineann do dhaoine atá ag gabháil don fhiontraíocht nó don tionscadal),

(ii) seirbhísí comhairle nó sainchomhairle i leith na fiontraíochta nó an tionscadail, agus

(iii) oiliúint do dhaoine atá fostaithe i dtaca leis an bhfiontraíocht nó leis an tionscadal, nó

(*d*) oiliúint a sholáthar do dhaoine i dtaca leis an tionscal turasóireachta sa Stát.

(3) Féadfaidh an tÚdarás na nithe seo a leanas a sholáthar (cibé acu ar luaíocht nó nach ea)—

(*a*) seirbhísí comhairle i ndáil le turasóireacht, agus

(*b*) oiliúint do dhaoine i dtaca le turasóireacht,

seachas turasóireacht laistigh den Stát nó chun an Stáit.

(4) Beidh na cumhachtaí sin go léir ag an Údarás is gá nó is fóirsteanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(5) Le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, beidh aird ag an Údarás ar bheartais de chuid an Rialtais (lena n-áirítear beartais de chuid an Rialtais a bhaineann leis an nGaeilge agus le cultúr na hÉireann) a bheidh ar marthain de thuras na huaire.

(6) Féadfaidh an tÚdarás aon cheann dá chuid feidhmeanna a chomhlíonadh trí aon chomhalta d'fhoireann an Údaráis a bheidh údaraithe go cuí chuige sin ag an Údarás.

Feidhmeanna breise a thabhairt don Údarás.

**9.**—(1) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, cibé feidhmeanna breise a bhaineann le feidhmeanna an Údaráis de thuras na huaire agus a mheasfaidh sé nó sí is cuí, a thabhairt don Údarás, le hordú, faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a shonrófar san ordú.

(2) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith in ordú faoin alt seo is gá, i dtuairim an Aire, chun lánéifeacht a thabhairt don ordú.

(3) (*a*) Féadfaidh an tAire, le hordú, ordú faoin alt seo (lena n-áirítear ordú faoin bhfo-alt seo) a leasú nó a chúlghairm.

(*b*) Maidir le hordú faoin bhfo-alt seo, déanfar é ar an modh céanna, agus beidh a dhéanamh faoi réir an toilithe chéanna, leis an ordú a bheidh á leasú nó á chúlghairm leis.

Cumhacht chun cuideachtaí a bhunú nó chun scaireanna i gcuideachtaí a fháil, a shealbhú nó a dhiúscairt.

**10.**—(1) D'fhonn aon fheidhm nó feidhmeanna dá chuid a chomhlíonadh, féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, ina aonar nó i gcomhpháirt le duine eile, a chur faoi deara cibé cuideachta nó cuideachtaí a fhoirmiú agus a chlárú—

(*a*) faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2001, nó

(*b*) faoi dhlíthe áite seachas an Stát,

a mheasfaidh sé is cuí, cibé acu is fochuideachta de chuid an Údaráis an chuideachta nó nach ea.

(2) Féadfaidh an tÚdarás, chun na gcríoch a shonraítear i *bhfo-alt (1)*, agus le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, scaireanna nó aon leas eile i gcuideachta a fháil nó a shealbhú, nó teacht chun bheith ina chomhalta de chuideachta, arna foirmiú agus arna clárú—

(*a*) faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2001, nó

(*b*) faoi dhlíthe áite seachas an Stát.

(3) Beidh meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais cuideachta lena mbaineann *fo-alt (1)* nó *(2)* i cibé foirm, ar comhréir leis an Acht seo, a chinnfidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(4) Féadfaidh an tÚdarás scaireanna nó aon leas eile i gcuideachta lena mbaineann an t-alt seo a dhiúscairt.

Feidhmeanna a tharmligean.

**11.**—(1) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, cibé feidhm nó feidhmeanna dá chuid a mheasfaidh sé is cuí a tharmligean—

(*a*) chuig fochuideachta de chuid an Údaráis,

(*b*) chuig cuideachta arna bunú agus arna clárú faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2001—

(i) a dhéanfaidh, de bhua *ailt 38(1)* agus *42(3)* agus a meabhráin comhlachais, a feidhmeanna a chomhlíonadh de réir bheartais agus threoruithe an Údaráis,

(ii) nach mbeidh éifeacht ina leith, de bhua na n-alt sin agus a meabhráin comhlachais, le haon athrú ar a meabhrán comhlachais nó ar a hairteagail chomhlachais, mura mbeidh a cheadú roimh ré tugtha ag an Údarás leis, agus

(iii) a socróidh comhaltaí na cuideachta le rún, de bhua na n-alt sin agus a hairteagal comhlachais, an chuideachta a fhoirceannadh trí rún speisialta i gcás go n-iarrfaidh an tÚdarás orthu déanamh amhlaidh, nó

(*c*) coiste arna bhunú faoi *alt 23.*

(2) Déanfaidh an tÚdarás, i gcás go dtreoróidh an tAire amhlaidh i scríbhinn, cibé feidhm dá chuid a bheidh sonraithe sa treorú lena mbaineann a tharmligean—

(*a*) chuig fochuideachta de chuid an Údaráis,

(*b*) chuig cuideachta lena mbaineann *fo-alt (1)(b),* nó

(*c*) chuig coiste arna bhunú faoi *alt 23*.

(3) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, cibé feidhm dá chuid faoi *alt 8(1)(a)* a mheasfaidh sé is cuí a tharmligean chuig Turasóireacht Éireann, Teoranta.

(4) Déanfaidh an tÚdarás, i gcás go dtreoróidh an Aire amhlaidh i scríbhinn, cibé feidhm dá chuid faoi *alt 8(1)(a)* a shonrófar sa treorú lena mbaineann a tharmligean chuig Turasóireacht Éireann, Teoranta.

(5) I gcás go ndéanfar tarmligean faoin alt seo—

(*a*) (i) déanfaidh an duine tarmligthe, i ndáil le tarmligean seachas tarmligean faoi *fho-alt (3)* nó *(4)*, an fheidhm lena mbaineann a chomhlíonadh faoi stiúradh agus rialú ginearálta an Údaráis, nó

(ii) déanfaidh an duine tarmligthe, i ndáil le tarmligean faoi *fho-alt (3)* nó *(4)*, na feidhmeanna lena mbaineann a chomhlíonadh faoi stiúradh agus rialú ginearálta cibé daoine a shonrófar sa tarmligean,

(*b*) déanfaidh an duine tarmligthe an fheidhm lena mbaineann a chomhlíonadh de réir aon teorainneacha a shonrófar sa tarmligean maidir leis an limistéar nó maidir leis an tréimhse ina ndéanfaidh sé nó sí, nó maidir leis an méid a dhéanfaidh sé nó sí, an fheidhm sin a chomhlíonadh, agus

(*c*) maidir le foráil de chuid an Achta seo, nó faoi, nó de chuid aon achtachán eile (cibé acu arna rith roimh an Acht seo a rith nó dá éis), nó faoi, lena ndílsítear feidhmeanna don Údarás nó lena rialaítear an modh ar a mbeidh aon fheidhm le comhlíonadh, beidh éifeacht léi, más infheidhme agus a mhéid is infheidhme í maidir leis an bhfeidhm tharmligthe, chun críocha chomhlíonadh na feidhme sin ag an duine tarmligthe, ach an duine tarmligthe a chur in ionad an Údaráis.

(6) D'ainneoin *fho-alt (5)*, i gcás go ndéanfar tarmligean chuig duine tarmligthe faoin alt seo—

(*a*) féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, nó

(*b*) déanfaidh an tÚdarás, i gcás go dtreoróidh an tAire amhlaidh i scríbhinn,

in aon chás áirithe, a chur in iúl don duine tarmligthe gur thug sé breith an fheidhm a chomhlíonadh é féin, agus, air sin, beidh an fheidhm inchomhlíonta sa chás sin ag an Údarás agus ní ag an duine tarmligthe.

(7) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, tarmligean faoin alt seo a chúlghairm.

(8) Déanfaidh an tÚdarás, i gcás go dtreoróidh an tAire amhlaidh i scríbhinn, tarmligean faoin alt seo a chúlghairm.

(9) San alt seo, ciallaíonn "duine tarmligthe" duine a mbeidh feidhm de chuid an Údaráis tarmligthe chuige nó chuici faoin alt seo de thuras na huaire.

Comhaontuithe maidir le daoine seachas an tÚdarás do chomhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis.

**12.—**(1) Féadfaidh an tÚdarás comhaontú a dhéanamh le duine eile (dá ngairtear "conraitheoir" san alt seo) chun go gcomhlíonfaidh an duine sin feidhmeanna an Údaráis faoi na forálacha a shonraítear i *Sceideal 2*.

(2) Beidh comhaontú lena mbaineann *fo-alt (1)* faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tÚdarás le toiliú an Aire.

(3) I gcás go ndéanfaidh an tÚdarás comhaontú lena mbaineann *fo-alt (1)*, déanfar tagairtí sna forálacha a shonraítear i *Sceideal 2* atá, de bhua *alt 38*, le forléiriú mar thagairtí don Údarás, a fhorléiriú, ar feadh ré an chomhaontaithe, mar thagairtí don chonraitheoir.

(4) I gcás go ndéanfaidh an tÚdarás comhaontú lena mbaineann *fo-alt (1)*, déanfar tagairtí sna forálacha a shonraítear i *Sceideal 2* atá, de bhua *alt 38*, le forléiriú mar thagairtí d'oifigeach don Údarás a fhorléiriú, ar feadh ré an chomhaontaithe, mar thagairtí do chomhalta d'fhoireann an chonraitheora.

(5) Féadfaidh an tÚdarás comhaontú faoi *fho-alt (1)* a fhoirceannadh i gcás go mainneoidh an conraitheoir lena mbaineann aon cheann de na téarmaí nó na coinníollacha a mbeidh an comhaontú faoina réir a chomhlíonadh.

(6) Leasaítear leis seo alt 2 den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1939, tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "conraitheoir" (a cuireadh isteach le halt 7 den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1995):

"tá le 'conraitheoir' an bhrí a shanntar dó le *halt 12(1)* den *Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003*;".

Treoruithe ón Aire.

**13.—**(1) Féadfaidh an tAire, i ndáil leis an Údarás do chomhlíonadh a fheidhmeanna, treorú i scríbhinn a thabhairt don Údarás á cheangal air déanamh de réir cibé beartais de chuid an Aire a shonrófar sa treorú.

(2) Féadfaidh an tAire, le treorú i scríbhinn, treorú faoin alt seo (lena n-áirítear treorú faoin bhfo-alt seo) a leasú nó a chúlghairm.

(3) Déanfaidh an tÚdarás de réir treorú faoin alt seo.

Comhaltas an Údaráis.

**14.—**(1) Is iad na comhaltaí seo a leanas a bheidh ar an Údarás, is é sin le rá—

(*a*) cathaoirleach, agus

(*b*) 12 ghnáthchomhalta.

(2) Is é nó is í an tAire a cheapfaidh comhaltaí an Údaráis as measc daoine ag a bhfuil, i dtuairim an Aire, taithí ar nithe a bhaineann le feidhmeanna an Údaráis agus saineolas i ndáil leis na nithe sin.

(3) Faoi réir *fho-alt (5)*, beidh cathaoirleach an Údaráis i seilbh oifige ar feadh cibé tréimhse, nach faide ná 5 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha, a chinnfidh an tAire.

(4) Faoi réir *fho-alt (5)*, beidh gnáthchomhalta den Údarás i seilbh oifige ar feadh cibé tréimhse, nach faide ná 5 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha, a chinnfidh an tAire.

(5) Maidir le comhaltaí an Údaráis arna chomhdhéanamh den chéaduair faoin alt seo—

(*a*) beidh cibé 4 chomhalta den Údarás a roghnófar ag cruinniú arna thionól chun críocha an fho-ailt seo—

(i) trí chomhaontú d'aonghuth ó na comhaltaí den Údarás a bheidh ag freastal ar an gcruinniú sin, nó

(ii) i gcás nach féidir, ar chúis ar bith, teacht ar chomhaontú den sórt sin, trí na comhaltaí den Údarás a bheidh ag freastal amhlaidh do dhéanamh crannchuir,

i seilbh oifige ar feadh tréimhse 3 bliana,

(*b*) beidh cibé 4 chomhalta a roghnófar ag an gcruinniú sin ar an modh a shonraítear i *mír (a)* i seilbh oifige ar feadh tréimhse 4 bliana, agus

(*c*) beidh cibé 5 chomhalta a roghnófar ag an gcruinniú sin ar an modh a shonraítear i *mír (a)* i seilbh oifige ar feadh tréimhse 5 bliana.

(6) Faoi réir *fho-alt (7)*, beidh comhalta den Údarás a rachaidh a théarma oifige nó a téarma oifige in éag trí imeacht aimsire inathcheaptha chun an Údaráis.

(7) Aon chomhalta den Údarás a d'fhóin ar feadh 2 théarma oifige, ní bheidh sé nó sí inathcheaptha chun an Údaráis, agus measfar, chun críocha an fho-ailt seo, gur téarma oifige é aon tréimhse a bhfónfaidh duine lena linn mar chomhalta den Údarás de bhun ceapachán faoi *alt 16*.

(8) Féachfaidh an tAire, a mhéid is indéanta, lena chinntiú go mbeidh cóimheá chothromasach idir fir agus mná i measc chomhaltaí an Údaráis.

Coinníollacha oifige chomhaltaí an Údaráis.

**15.—**(1) Féadfaidh an tAire aon tráth comhalta den Údarás a chur as oifig.

(2) Féadfaidh comhalta den Údarás éirí as oifig trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt don Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an lá a gheobhaidh an tAire an fógra.

(3) Scoirfidh comhalta den Údarás de bheith cáilithe le haghaidh oifige agus scoirfidh sé nó sí de bheith i seilbh oifige más rud é—

(*a*) go mbreithneofar ina fhéimheach é nó ina féimheach í,

(*b*) go ndéanfaidh sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe,

(*c*) go gciontófar é nó í in aon chion indíotáilte i ndáil le cuideachta,

(*d*) go gciontófar é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht, cibé acu is i dtaca le cuideachta é nó nach ea,

(*e*) go ndéanfar ordú ina thaobh nó ina taobh faoi alt 160 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, nó

(*f*) go gcuirfidh cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthi.

(4) Faoi réir fhorálacha an Achta seo, beidh comhalta den Údarás i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais.

Corrfholúntais i measc chomhaltaí an Údaráis.

**16.—**(1) Más rud é go bhfaighidh comhalta den Údarás bás, go n-éireoidh sé nó sí as, go scoirfidh sé nó sí de bheith cáilithe le haghaidh oifige agus go scoirfidh sé nó sí de bheith i seilbh oifige nó go gcuirfear as oifig é nó í, féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás chun an corrfholúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh ar an modh céanna ar ar ceapadh an comhalta den Údarás ba chúis leis an gcorrfholúntas.

(2) Beidh duine a cheapfar chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás de bhun an ailt seo i seilbh oifige ar feadh na tréimhse sin de théarma oifige an chomhalta ba chúis leis an gcorrfholúntas lena mbaineann a bheidh gan chaitheamh ar dháta a cheaptha nó a ceaptha agus beidh sé nó sí, faoi réir *alt 14(7)*, inathcheaptha mar chomhalta den Údarás ar dhul in éag don tréimhse sin.

Luach saothair chomhaltaí an Údaráis.

**17.—**Íocfar le cathaoirleach agus le gnáthchomhaltaí an Údaráis cibé luach saothair (más ann) agus cibé liúntais i leith caiteachas a chinnfidh an tAire, le ceadú an Aire Airgeadais.

Cruinnithe agus nós imeachta.

**18.—**(1) Tionólfaidh an tÚdarás cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh go cuí ach, gach bliain, tionólfaidh sé cruinniú amháin ar a laghad i ngach tréimhse 3 mhí.

(2) Ag cruinniú den Údarás—

(*a*) is é nó is í cathaoirleach an Údaráis, má tá sé nó sí i láthair, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú, nó

(*b*) mura mbeidh, agus fad nach mbeidh, cathaoirleach an Údaráis i láthair nó má tá an oifig sin folamh, roghnóidh na comhaltaí den Údarás a bheidh i láthair duine dá líon chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.

(3) Déanfar gach ceist ag cruinniú a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí den Údarás a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist agus, i gcás comhionannas vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag cathaoirleach an chruinnithe.

(4) Faoi réir *fho-alt (6)*, féadfaidh an tÚdarás gníomhú d'ainneoin folúntas nó folúntais i measc a chomhaltaí.

(5) Faoi réir fhorálacha an Achta seo, déanfaidh an tÚdarás a nós imeachta a rialáil le rialacha nó ar shlí eile.

(6) 5 is córam do chruinniú den Údarás, mura dtreoróidh an tAire a mhalairt.

(7) Déanfaidh an tAire dáta an chéad chruinnithe den Údarás arna chomhdhéanamh den chéaduair de bhun alt 14 a shocrú agus sonróidh sé nó sí an tráth a thionólfar an cruinniú agus an áit ina dtionólfar é.

Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa.

**19.**—(1) I gcás, maidir le comhalta den Údarás nó comhalta de choiste arna bhunú faoi *alt 23*—

(*a*) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(*b*) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina ionadaí nó ina hionadaí i bParlaimint na hEorpa, nó

(*c*) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin,

scoirfidh sé nó sí air sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás nó den choiste lena mbaineann, de réir mar a bheidh.

(2) I gcás, maidir le comhalta d'fhoireann an Údaráis—

(*a*) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(*b*) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina ionadaí nó ina hionadaí i bParlaimint na hEorpa, nó

(*c*) go measfar, de bhun na Coda sin XIII, é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin,

beidh sé nó sí air sin ar iasacht ó fhostaíocht ag an Údarás agus ní íocfaidh an tÚdarás leis nó léi, ná ní bheidh sé nó sí i dteideal go bhfaighidh sé nó sí ón Údarás, aon luach saothair ná liúntais i leith na tréimhse dar tosach an tráth a ainmneofar nó a thoghfar é nó í amhlaidh, nó an tráth a mheasfar amhlaidh é nó í a bheith tofa (de réir mar a bheidh), agus dar críoch an tráth a scoirfidh an duine sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach acu sin nó ina ionadaí nó ina hionadaí sa Pharlaimint sin.

(3) Aon duine a bheidh, de thuras na huaire, i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin nó is ionadaí i bParlaimint na hEorpa, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina ionadaí nó ina hionadaí den sórt sin, dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás nó de choiste arna bhunú faoi *alt 23* nó chun bheith fostaithe in aon cháil ag an Údarás.

(4) Ní dhéanfar tréimhse a luaitear i *bhfo-alt (2)* a áireamh mar sheirbhís leis an Údarás chun críoch aon sochair aoisliúntais.

Comhaltaí den Údarás do nochtadh leasanna áirithe.

**20.**—(1) I gcás go n-éireoidh aon cheann de na nithe seo a leanas ag cruinniú den Údarás, eadhon—

(*a*) comhshocraíocht ar páirtí inti an tÚdarás nó comhshocraíocht den sórt sin atá beartaithe, nó

(*b*) conradh nó comhaontú eile leis an Údarás nó conradh nó comhaontú eile den sórt sin atá beartaithe,

ansin, maidir le haon chomhalta den Údarás a bheidh i láthair ag an gcruinniú agus a bhfuil leas ábhartha aige nó aici sa ní ar shlí seachas ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin—

(i) ag an gcruinniú, nochtfaidh sé nó sí don Údarás go bhfuil an leas sin aige nó aici agus cén cineál leasa é,

(ii) fanfaidh sé nó sí as láthair ón gcruinniú nó ón gcuid sin den chruinniú ar lena linn a bheidh an ní á phlé,

(iii) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon bhreithniú a dhéanfaidh an tÚdarás i ndáil leis an ní, agus

(iv) ní vótálfaidh sé nó sí ar bhreith a bhaineann leis an ní.

(2) Aon chomhalta den Údarás a bhfuil leas ábhartha aige nó aici, seachas ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin—

(*a*) i gcomhshocraíocht nó i gcomhshocraíocht bheartaithe lena mbaineann *mír (a) d'fho-alt (1)*, nó

(*b*) i gconradh nó i gcomhaontú eile lena mbaineann *mír (b)* den fho-alt sin, nó i gconradh nó i gcomhaontú eile den sórt sin atá beartaithe,

ní imreoidh sé nó sí tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt, ar aon bhreith a bheidh le tabhairt ag an Údarás i ndáil leis sin.

(3) I gcás go nochtfar leas ábhartha de bhun an ailt seo, déanfar an nochtadh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann agus, fad a bheidh an cruinniú ag déileáil leis an ní lena mbaineann an nochtadh, ní áireofar an comhalta a dhéanfaidh an nochtadh sa chóram don chruinniú.

(4) I gcás go n-éireoidh ceist ag cruinniú den Údarás i dtaobh arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe, dá ndéanfadh comhalta den Údarás dá réir, agus mainneachtain aige nó aici ceanglais *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, féadfaidh cathaoirleach an chruinnithe, faoi réir *fho-alt (5)*, an cheist a chinneadh agus breith chríochnaitheach a bheidh i mbreith an chathaoirligh agus, i gcás go gcinnfear ceist den sórt sin amhlaidh, déanfar sonraí i dtaobh an chinnidh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe.

(5) I gcás, ag cruinniú den Údarás, gurb é nó gurb í cathaoirleach an chruinnithe an comhalta ar ina leith a mbeidh ceist lena mbaineann *fo-alt (4)* le cinneadh, ansin roghnóidh na comhaltaí eile den Údarás a bheidh ag freastal ar an gcruinniú duine dá líon chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú d'fhonn an cheist lena mbaineann a chinneadh.

(6) I gcás gur deimhin leis an Aire gur sháraigh comhalta den Údarás *fo-alt (1)* nó *(2)*, féadfaidh an tAire, más dóigh leis nó léi gur cuí é, an comhalta sin a chur as oifig agus, i gcás go gcuirfear duine as oifig de

bhun an fho-ailt seo, beidh sé nó sí dícháilithe as sin amach chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás.

Comhaltaí foirne do nochtadh leasanna áirithe.

**21.**—(1) I gcás go bhfuil leas ábhartha ag comhalta d'fhoireann an Údaráis, ar shlí seachas ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin, in aon chonradh, comhaontú nó comhshocraíocht, nó in aon chonradh, comhaontú nó comhshocraíocht atá beartaithe, ar páirtí ann nó inti an tÚdarás, maidir leis an duine sin—

(*a*) nochtfaidh sé nó sí don Údarás go bhfuil an leas sin aige nó aici agus cén cineál leasa é,

(*b*) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt i gcaibidil an chonartha, an chomhaontaithe nó na comhshocraíochta ná in aon bhreithniú a dhéanfaidh an tÚdarás nó comhaltaí d'fhoireann an Údaráis i ndáil leis an gcéanna, agus

(*c*) ní imreoidh sé nó sí tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt, ar bhreith a bheidh le tabhairt maidir leis an ní ná ní dhéanfaidh sé nó sí aon mholadh i ndáil leis an gconradh, leis an gcomhaontú ná leis an gcomhshocraíocht.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le conarthaí nó conarthaí beartaithe fostaíochta comhaltaí d'fhoireann an Údaráis leis an Údarás.

(3) I gcás go sáróidh duine an t-alt seo, féadfaidh an tÚdarás cibé athruithe a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha fostaíochta an duine a mheasfaidh sé is cuí nó féadfaidh sé deireadh a chur le conradh fostaíochta an duine.

Toirmeasc ar nochtadh neamhúdaraithe faisnéise faoi rún.

**22.**—(1) Ní nochtfaidh duine faisnéis faoi rún a gheobhaidh sé nó sí le linn feidhmeanna a chomhlíonadh—

(*a*) mar chomhalta den Údarás nó mar chomhalta d'fhoireann an Údaráis nó mar chomhairleoir nó mar shainchomhairleoir don Údarás, nó mar chomhalta d'fhoireann comhairleora nó sainchomhairleora den sórt sin, nó

(*b*) mar chomhalta de choiste arna bhunú faoi *alt 23*,

mura mbeidh sé nó sí údaraithe go cuí ag an Údarás chun déanamh amhlaidh.

(2) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €3,000 a chur air nó uirthi.

(3) San alt seo, folaíonn "faisnéis faoi rún"—

(*a*) faisnéis a mbeidh sé sainráite ag an Údarás ina leith go bhfuil sí faoi rún, maidir le faisnéis áirithe nó maidir le faisnéis d'aicme nó de thuairisc áirithe, agus

(*b*) tograí de chineál tráchtála nó tairiscintí a bheidh curtha faoi bhráid an Údaráis ag conraitheoirí, ag sainchomhairleoirí nó ag aon duine eile.

Coistí de chuid an Údaráis.

**23.**—(1) Féadfaidh an tÚdarás coistí a bhunú—

(*a*) chun comhairle a thabhairt dó i ndáil le haon cheann nó gach ceann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh, agus

(*b*) chun cibé feidhmeanna de chuid an Údaráis a bheidh arna dtarmligean chucu faoi *alt 11(1)* nó *(2)* a chomhlíonadh,

agus féadfaidh sé téarmaí tagartha aon choiste den sórt sin a chinneadh agus nós imeachta aon choiste den sórt sin a rialáil.

(2) Féadfaidh daoine nach comhaltaí den Údarás a bheith ar choiste a bhunófar faoin alt seo.

(3) Féadfaidh an tÚdarás comhalta de choiste a bhunófar faoin alt seo a chur as oifig aon tráth.

(4) Féadfaidh an tÚdarás coiste a bhunófar faoin alt seo a dhíscaoileadh aon tráth.

(5) Féadfaidh an tÚdarás duine a cheapadh chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar choiste a bhunófar faoin alt seo.

(6) Féadfaidh an tÚdarás cibé liúntais, i leith caiteachais (más ann) a bheidh tabhaithe ag comhaltaí de choiste a bhunófar faoin alt seo, a chinnfidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, a íoc leis na comhaltaí sin.

Deontais don Údarás.

**24.—**(1) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, cibé suimeanna a chinnfidh an tAire a airleacan chuig an Údarás as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

(2) Ní mó ná €65,000,000 comhiomlán an airgid a dhéanfar a airleacan faoi *fho-alt (1)* i ndáil le caiteachas caipitiúil ar thionscadail nó ar fhiontraíochtaí lena mbaineann *alt 8(1)(e).*

Deontais ón Údarás.

**25.—**(1) Chun críocha *alt 8(2)(b)* nó *(c)*, féadfaidh an tÚdarás cibé suimeanna airgid a mheasfaidh sé is cuí a íoc le cibé daoine a mheasfaidh sé is cuí as airgead arna airleacan chuige—

(*a*) faoi *alt 24*,

(*b*) ag Údarás Stáit,

(*c*) ag údarás áitiúil,

(*d*) ag údarás réigiúnach,

(*e*) ag aon duine eile, nó

(*f*) i dtaca le scéim lena mbaineann *alt 26*.

(2) San alt seo—

tá le "údarás áitiúil" an bhrí chéanna atá leis san Acht Rialtais Áitiúil, 2001;

tá le "údarás réigiúnach" an bhrí a shanntar dó le halt 43(1) den Acht Rialtais Áitiúil, 1991; agus

ciallaíonn "Údarás Stáit"—

(*a*) Aire den Rialtas, nó

(*b*) Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn.

Scéimeanna a bhaineann le cistí de chuid an Chomhphobail Eorpaigh.

**26.**—Féadfaidh an tÚdarás, chun críocha *alt 8*, cibé scéimeanna a riaradh a cheadóidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, chun cibé airgead a chinnfidh an tAire Airgeadais (ar airgead é a íocadh leis an Stát as aon chiste arna bhunú leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh nó faoi) a íoc le daoine (lena n-áirítear an tÚdarás) lena mbaineann an scéim áirithe.

Cuntais agus iniúchtaí.

**27.**—(1) Coimeádfaidh an tÚdarás, i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasaíochta a cheadóidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé agus, go háirithe, coimeádfaidh sé, san fhoirm sin a dúradh, na cuntais speisialta sin go léir a threoróidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, nó ar iarraidh a fháil uaidh nó uaithi.

(2) Déanfaidh an tÚdarás cuntais arna gcoimeád de bhun an ailt seo a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasaíochta lena mbaineann siad agus, díreach tar éis an iniúchta, déanfar cóip de na cuntais agus de cibé cuntais eile (más ann) arna gcoimeád de bhun an ailt seo a threoróidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, agus cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais, a thíolacadh don Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den chéanna a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Tuarascáil bhliantúil agus faisnéis.

**28.**—(1) Déanfaidh an tÚdarás, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, tuarascáil ar a chuid gníomhaíochtaí sa bhliain airgeadais díreach roimhe sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire, agus, a luaithe is féidir, cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(2) Déanfaidh an tÚdarás cibé faisnéis maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna a theastóidh ón Aire ó am go ham a thabhairt don Aire.

(3) A luaithe is féidir tar éis cóipeanna de thuarascáil lena mbaineann *fo-alt (1)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, cuirfidh an tÚdarás faoi deara an tuarascáil a fhoilsiú tríd an meán dá ngairtear an t-idirlíon de ghnáth.

Saoráil faisnéise.

**29.**—Leasaítear leis seo an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997—

(*a*) trí "An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta" a chur isteach i ndiaidh "Dánlann Náisiúnta na hÉireann" i mír 1(2) den Chéad Sceideal, agus

(*b*) trí an méid seo a leanas a chur isteach i gCuid I den Tríú Sceideal—

(i) i gcolún (2), "an *tAcht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003*", agus

(ii) i gcolún (3), "*alt 22*", os coinne lua an *Achta um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003*.

Bronntanais.

**30.**—(1) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, bronntanais airgid, talún nó maoine eile a ghlacadh ar cibé iontaobhais nó coinníollacha (más ann) a shonróidh an deontóir.

(2) Ní ghlacfaidh an tÚdarás bronntanas más rud é go mbeadh na hiontaobhais nó na coinníollacha a ghabhann leis ar neamhréir lena chuid feidhmeanna.

An Príomhfheidhmeannach.

**31.—**(1) Beidh príomhoifigeach feidhmiúcháin ar an Údarás (ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san Acht seo, an "príomhfheidhmeannach").

(2) Déanfaidh an príomhfheidhmeannach riarachán an Údaráis a sheoladh agus a bhainistiú, agus a rialú i gcoitinne, agus comhlíonfaidh sé nó sí cibé feidhmeanna eile (más ann) a chinnfidh an tÚdarás.

(3) Faoi réir *fho-alt (5)*, is é an tÚdarás, le toiliú an Aire, a cheapfaidh an príomhfheidhmeannach.

(4) Féadfaidh an tÚdarás an príomhfheidhmeannach a chur as oifig ar chúiseanna sonraithe.

(5) Féadfaidh an tAire, roimh an lá bunaithe, duine a shainainmniú chun a cheaptha nó chun a ceaptha ina chéad nó ina céad phríomhfheidhmeannach.

(6) Más rud é, díreach roimh an lá bunaithe, go mbeidh duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú ag an Aire faoi *fho-alt (5)*, ceapfaidh an tÚdarás an duine sin chun bheith ina chéad nó ina céad phríomhfheidhmeannach.

(7) Beidh an príomhfheidhmeannach i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais) a chinnfidh an tÚdarás le toiliú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais.

(8) Ní shealbhóidh an príomhfheidhmeannach aon oifig eile ná aon fhostaíocht eile ná ní sheolfaidh sé nó sí aon ghnó gan toiliú an Údaráis.

(9) Féadfaidh an príomhfheidhmeannach freastal ar chruinnithe de chuid an Údaráis agus féadfaidh sé nó sí aighneachtaí, ó bhéal nó i scríbhinn, a dhéanamh chuig an Údarás agus comhairle a thabhairt don Údarás thairis sin ag cruinnithe den sórt sin de réir nós imeachta an Údaráis faoi *alt 18(5)*.

Cuntasacht an phríomhfheidhmeannaigh don Choiste um Chuntais Phoiblí.

**32.—**(1) Aon uair a dhéanfaidh an Coiste de Dháil Éireann, arna bhunú faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chun tuarascáil a thabhairt orthu do Dháil Éireann (dá ngairtear an "Coiste" ina dhiaidh seo san alt seo), a cheangal i scríbhinn ar an bpríomhfheidhmeannach déanamh amhlaidh, fianaise a thabhairt don Choiste sin maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a bheidh taifeadta nó a cheanglaítear a thaifeadadh in aon leabhar nó taifead eile cuntais atá faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus a cheanglaítear, leis an Acht seo, ar an Údarás a ullmhú,

(*b*) barainneacht agus éifeachtúlacht an Údaráis ó thaobh a chuid acmhainní a úsáid,

(*c*) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an tÚdarás chun éifeachtacht a oibríochtaí a mheasúnú, agus

(*d*) aon ní a fhearann ar an Údarás agus dá dtagraítear i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, nó in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (a mhéid a bhaineann sí le ní a shonraítear i *mír (a)*, *(b)* nó *(c)*) a leagtar faoi bhráid Dháil Éireann.

(2) Le linn dó nó di a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh faoin alt seo, ní dhéanfaidh an príomhfheidhmeannach ceist a chur ná tuairim a nochtadh i dtaobh tuillteanas aon bheartas de chuid an Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas ná i dtaobh tuillteanas cuspóirí beartais den sórt sin.

Cuntasacht an phríomh-fheidhmeannaigh do Choistí Oireachtais eile.

**33.**—(1) San alt seo, ciallaíonn "Coiste" Coiste arna cheapadh ag ceachtar Teach den Oireachtas nó ag dhá Theach an Oireachtais i gcomhpháirt (seachas an Coiste dá dtagraítear in *alt 32* nó an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann nó an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Sheanad Éireann) nó fochoiste de chuid Coiste den sórt sin.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, freastalóidh an príomhfheidhmeannach os comhair Coiste, ar iarraidh i scríbhinn a fháil ón gCoiste, chun cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta an Údaráis.

(3) Ní cheanglófar ar an bpríomhfheidhmeannach cuntas a thabhairt os comhair Coiste i leith aon ní atá, a bhí, nó a d'fhéadfadh a bheith sa todhchaí, ina ábhar d'imeachtaí os comhair cúirt nó binse sa Stát.

(4) I gcás go mbeidh an príomhfheidhmeannach den tuairim gur ní lena mbaineann *fo-alt (3)* ní a n-iarrtar air nó uirthi cuntas a thabhairt ina leith os comhair Coiste, déanfaidh sé nó sí an tuairim sin, agus na cúiseanna atá leis an tuairim, a chur in iúl don Choiste agus, mura dtabharfar an fhaisnéis don Choiste tráth a bheidh an príomhfheidhmeannach os a chomhair, tabharfar an fhaisnéis amhlaidh i scríbhinn.

(5) I gcás go mbeidh an príomhfheidhmeannach tar éis a thuairim nó a tuairim a chur in iúl do Choiste de réir *fho-alt (4)* agus nach dtarraingeoidh an Coiste siar an iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a mhéid a bhaineann sí le ní is ábhar don tuairim sin—

(*a*) féadfaidh an príomhfheidhmeannach, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis don Choiste an bhreith uaidh gan déanamh amhlaidh a chur in iúl dó nó di, iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar mhodh achomair chun an cheist a chinneadh i dtaobh an ní é an ní a bhfuil feidhm ag *fo-alt (3)* maidir leis, nó

(*b*) féadfaidh Cathaoirleach an Choiste iarratas den sórt sin a dhéanamh thar ceann an Choiste,

agus cinnfidh an Ard-Chúirt an ní.

(6) Go dtí go gcinnfear iarratas faoi *fho-alt (5)*, ní fhreastalóidh an príomhfheidhmeannach os comhair an Choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní is ábhar don iarratas.

(7) Má chinneann an Ard-Chúirt, maidir leis an ní lena mbaineann, gur ní é a bhfuil feidhm ag *fo-alt (3)* maidir leis, tarraingeoidh an Coiste siar an iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, ach má chinneann an Ard-Chúirt nach bhfuil feidhm ag *fo-alt (3)*, freastalóidh an

príomhfheidhmeannach os comhair an Choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní.

**34.**—(1) Déanfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais, cibé daoine agus cibé líon daoine a chinnfidh sé ó am go ham a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann an Údaráis. Foireann.

(2) Is é a bheidh i dtéarmaí agus i gcoinníollacha seirbhíse comhalta d'fhoireann an Údaráis, le toiliú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais, na téarmaí agus na coinníollacha sin a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham.

(3) Íocfaidh an tÚdarás le comhaltaí a fhoirne cibé luach saothair agus liúntais a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham, le toiliú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais.

**35.**—(1) Gach duine a bhí, díreach roimh an lá bunaithe, ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann comhlachta dhíscaoilte, tiocfaidh sé nó sí chun bheith, agus beidh sé nó sí, ar an lá bunaithe, ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis. Foireann a aistriú chuig an Údarás.

(2) Ach amháin de réir comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann, maidir le duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, ní lú tairbhe dó nó di, fad a bheidh sé nó sí i seirbhís an Údaráis, na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear coinníollacha i ndáil le seilbh oifige) nó luacha saothair a mbeidh sé nó sí faoina réir ná na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear coinníollacha i ndáil le seilbh oifige) nó luacha saothair a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh an lá bunaithe.

(3) I ndáil le daoine a aistreofar chuig an Údarás faoi *fho-alt (1)*, beidh seirbhís roimhe sin le comhlacht díscaoilte ináirithe chun críocha na nAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2001, an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001, an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2001, agus na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2001, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó eisiaimh sna hAchtanna sin.

**36.**—(1) A luaithe is féidir tar éis an lae bunaithe, déanfaidh an tÚdarás scéim nó scéimeanna a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire chun sochair aoisliúntais a dheonú do na daoine seo a leanas nó ina leith— Aoisliúntas.

(*a*) cibé daoine dá fhoireann (lena n-áirítear an príomhfheidhmeannach), agus

(*b*) cibé daoine lena mbaineann *fo-alt (9)(a)(ii),*

a mheasfaidh an tÚdarás is cuí.

(2) Socrófar le gach scéim den sórt sin an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha leo, nó ina leith, faoin scéim agus féadfar tráthanna éagsúla agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(3) Féadfaidh an tÚdarás, aon tráth, scéim, lena leasófar nó lena gcúlghairfear scéim a cuireadh faoi bhráid an Aire agus a ceadaíodh faoin alt seo roimhe sin, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(4) Déanfaidh an tÚdarás scéim nó scéim leasaitheach arna cur faoi bhráid an Aire faoin alt seo, má cheadaíonn an tAire í le toiliú an Aire Airgeadais, a chur i gcrích de réir a téarmaí.

(5) Má éiríonn aon díospóid maidir le héileamh aon duine ar aon sochar aoisliúntais, nó maidir le méid aon sochair aoisliúntais, de bhun scéim faoin alt seo, cuirfear an díospóid sin faoi bhráid an Aire agus déanfaidh an tAire í a tharchur chuig an Aire Airgeadais agus is breith chríochnaitheach a bheidh i mbreith an Aire Airgeadais.

(6) Ní dhéanfaidh an tÚdarás aon sochar aoisliúntais a dheonú d’aon daoine ná i leith aon daoine dá fhoireann (lena n-áirítear an príomhfheidhmeannach) is comhaltaí de scéim faoin alt seo, ná ní dhéanfar aon socrú eile chun aon sochar aoisliúntais a sholáthar do dhaoine den sórt sin ar scor dóibh de bheith i seilbh oifige, seachas de réir cibé scéim nó scéimeanna a chuirfear faoi bhráid an Aire agus a cheadófar faoin alt seo nó de réir socrú arna cheadú ag an Aire agus ag an Aire Airgeadais.

(7) Cuirfidh an tAire faoi deara gach scéim a bheidh curtha faoina bhráid nó faoina bráid agus a bheidh ceadaithe faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a ceadaithe, agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.

(8) (*a*) I gcás, sa tréimhse dar tosach an lá bunaithe agus dar críoch díreach roimh thosach feidhme scéime faoin alt seo, go mbeidh sochar aoisliúntais le híoc le duine nó i leith duine a aistríodh chuig foireann an Údaráis faoi *alt 35*, déanfaidh an tÚdarás an sochar a ríomh de réir cibé scéim, nó cibé achtacháin i ndáil le haoisliúntas, a raibh feidhm aici nó acu maidir leis an duine díreach roimh an lá bunaithe agus, chun na críche sin, déanfar a sheirbhís inphinsin nó a seirbhís inphinsin leis an Údarás a chomhiomlánú lena sheirbhís inphinsin nó lena seirbhís inphinsin roimhe sin agus íocfaidh an tÚdarás an sochar sin.

(*b*) I gcás, sa tréimhse dar tosach an lá bunaithe agus dar críoch díreach roimh thosach feidhme scéime faoin alt seo, go mbeidh sochar aoisliúntais le híoc le duine nó i leith duine (lena n-áirítear duine atá éagtha) ba chomhalta d’fhoireann comhlachta dhíscaoilte ach nár aistríodh chuig foireann an Údaráis faoi *alt 35*, déanfaidh an tÚdarás an sochar a ríomh de réir cibé scéim, nó cibé achtacháin i ndáil le haoisliúntas, a raibh feidhm aici nó acu maidir leis an duine díreach roimh an lá bunaithe, agus íocfaidh an tÚdarás é.

(9) (*a*) Maidir leis na daoine seo a leanas—

(i) duine a bheidh aistrithe le *halt 35* chuig foireann an Údaráis,

(ii) duine (lena n-áirítear duine atá éagtha) ba chomhalta d'fhoireann comhlachta dhíscaoilte ach nár aistríodh amhlaidh,

déanfar foráil le scéim faoi *fho-alt (1)* chun sochair aoisliúntais a dheonú dó nó di nó ina leith ar cibé téarmaí agus coinníollacha, agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha, nach lú tairbhe dó nó di ná na téarmaí agus na coinníollacha a raibh feidhm acu maidir leis nó léi díreach roimh an lá bunaithe i ndáil le sochair den sórt sin a dheonú.

(*b*) Aon tréimhse seirbhíse ag duine mar chomhalta d'fhoireann comhlachta dhíscaoilte ar thréimhse seirbhíse ináirithe í chun críoch scéime chun sochair aoisliúntais a dheonú do chomhaltaí d'fhoireann an chomhlachta dhíscaoilte, nó ina leith, measfar gur tréimhse seirbhíse ináirithe í chun críoch aon scéime faoi *fho-alt (1)*.

(10) San alt seo, ciallaíonn "sochar aoisliúntais" pinsean, aisce nó liúntas eile is iníoctha ar dhuine d'éirí as, do scor nó d'fháil bháis.

## CUID 3

### Bord Fáilte Éireann agus an Chomhairle um Oideachas, Earcaíocht agus Oiliúint, Teoranta, a Dhíscaoileadh

Bord Fáilte Éireann agus an Chomhairle um Oideachas, Earcaíocht agus Oiliúint, Teoranta, a dhíscaoileadh.

**37.**—(1) Déantar Bord Fáilte Éireann agus an Chomhairle um Oideachas, Earcaíocht agus Oiliúint, Teoranta, a dhíscaoileadh leis seo agus gairtear "comhlacht díscaoilte" díobh araon san Acht seo.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh ar an lá bunaithe.

Feidhmeanna a aistriú chuig an Údarás.

**38.**—(1) Déantar na feidhmeanna go léir arna ndílsiú do chomhlacht díscaoilte le haon achtachán nó faoi aon achtachán a aistriú leis seo chuig an Údarás agus déanfar tagairtí in aon achtachán den sórt sin nó in aon ionstraim faoi achtachán do Bhord Fáilte Éireann nó don Chomhairle um Oideachas, Earcaíocht agus Oiliúint, Teoranta, a fhorléiriú mar thagairtí don Údarás.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh ar an lá bunaithe.

Talamh agus maoin eile a aistriú.

**39.**—(1) Ar an lá bunaithe, maidir leis na tailte go léir a bhí, díreach roimh an lá sin, dílsithe do chomhlacht díscaoilte, agus maidir leis na cearta, na cumhachtaí agus na pribhléidí go léir a bhaineann nó a ghabhann leis na tailte sin, beidh siad arna ndílsiú don Údarás, gan aon tíolacadh ná sannadh, go feadh an eastáit nó an leasa go léir sa chéanna a bhí dílsithe do chomhlacht díscaoilte díreach roimh an lá bunaithe, ach sin faoi réir na n-iontaobhas agus na gcothromas go léir a dhéanann difear do na tailte agus a bheidh fós ar marthain agus inchomhlíonta.

(2) Ar an lá bunaithe, beidh an mhaoin go léir, seachas talamh, lena n-áirítear ábhair i gcaingean, a bhí, díreach roimh an lá sin, dílsithe do chomhlacht díscaoilte, arna dílsiú don Údarás gan aon sannadh.

(3) Maidir le gach ábhar i gcaingean a dhílseofar don Údarás de bhua *fho-alt (2)*, féadfaidh an tÚdarás, amhail ar an agus ón lá bunaithe, agra a dhéanamh ina leith nó é a ghnóthú nó a fhorfheidhmiú ina ainm féin agus

ní gá don Údarás, ná don chomhlacht díscaoilte lena mbaineann, fógra faoin dílsiú a dhéantar leis an bhfo-alt sin a thabhairt d'aon duine atá faoi cheangal ag an ábhar i gcaingean.

(4) Chun amhras a sheachaint, measfar go raibh an chumhacht, gach tráth, ag Bord Fáilte Éireann chun cuideachta (cibé acu is fochuideachta de chuid Bhord Fáilte Éireann í nó nach ea) a bhunú, ina aonar nó i gcomhpháirt le duine eile, ar cuideachta í ar ceadaíodh di lena cuid cuspóirí—

(*a*) feidhmeanna a chomhlíonadh a bhí comhionann nó comhchosúil leis na feidhmeanna sin a bhí inchomhlíonta ag Bord Fáilte Éireann de thuras na huaire, nó

(*b*) i ndáil le háit seachas an Stát, feidhmeanna a chomhlíonadh a bhí comhfhreagrach do na feidhmeanna céadluaite,

agus measfar leas a bheith aige i gcuideachta den sórt sin nó é a bheith ina chomhalta de chuideachta den sórt sin.

Cearta agus dliteanais a aistriú agus léasanna, ceadúnais agus ceadanna arna ndeonú ag comhlacht díscaoilte a bhuanú.

**40.**—(1) Maidir leis na cearta agus na dliteanais go léir de chuid comhlacht díscaoilte a eascróidh de bhua aon chonradh nó gealltanas (sainráite nó intuigthe) arna dhéanamh aige roimh an lá bunaithe, beidh siad, an lá sin, arna n-aistriú chuig an Údarás.

(2) Maidir le gach ceart agus dliteanas a aistreofar le *fo-alt (1)* chuig an Údarás, féadfaidh an tÚdarás, an lá bunaithe agus dá éis, agairt a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú, nó féadfar agairt a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú i gcoinne an Údaráis, ina ainm féin agus ní gá don Údarás ná don chomhlacht díscaoilte lena mbaineann fógra faoin aistriú sin a thabhairt don duine a n-aistreofar a cheart nó a ceart nó a dhliteanas nó a dliteanas leis an bhfo-alt sin.

(3) Maidir le gach léas, ceadúnas, cead slí nó cead a bheidh deonaithe ag comhlacht díscaoilte i ndáil le talamh nó maoin eile a dhílseofar don Údarás leis an Acht seo nó faoi, agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh an lá bunaithe, leanfaidh sé i bhfeidhm amhail is dá mba rud é gur dheonaigh an tÚdarás é.

Dliteanas i leith caillteanas a tharlóidh roimh an lá bunaithe.

**41.**—(1) Déanfar éileamh, i leith aon chaillteanas nó díobháil a líomhnófar a bheith fulaingthe ag aon duine de dheasca na feidhmeanna a shannfar don Údarás leis an Acht seo nó faoi a chomhlíonadh roimh an lá bunaithe, a thabhairt i gcoinne an Údaráis i ndiaidh an lae sin agus ní i gcoinne comhlacht díscaoilte.

(2) Aon imeachtaí dlí a bheidh ar feitheamh díreach roimh an lá bunaithe agus ar páirtí iontu comhlacht díscaoilte, agus a bhaineann le feidhm de chuid an Údaráis, leanfar díobh ach an tÚdarás a chur in ionad an chomhlachta dhíscaoilte lena mbaineann sna himeachtaí, a mhéid a bhaineann siad le feidhm den sórt sin.

(3) I gcás, roimh an lá bunaithe, go mbeidh comhaontú déanta idir na páirtithe lena mbaineann mar shocrú ar éileamh lena mbaineann *fo-alt (1)* ach nach mbeidh téarmaí an chomhaontaithe curtha i ngníomh, nó go mbeidh breithiúnas in éileamh den sórt sin tugtha i bhfabhar duine ach nach mbeidh sé forfheidhmithe, beidh téarmaí an chomhaontaithe nó an bhreithiúnais, de réir mar a bheidh, a mhéid a bheidh siad infhorfheidhmithe i gcoinne comhlacht díscaoilte, infhorfheidhmithe

i gcoinne an Údaráis agus ní i gcoinne an chomhlachta dhíscaoilte lena mbaineann.

(4) Aon éileamh a dhéanfaidh comhlacht díscaoilte nó is cuí dó a dhéanamh maidir le haon chaillteanas nó díobháil de dhroim gníomh nó mainneachtain ag aon duine roimh an lá bunaithe, measfar, i gcás go mbaineann an t-éileamh leis na feidhmeanna a shanntar don Údarás leis an Acht seo, gur éileamh é arna dhéanamh ag an Údarás nó is cuí don Údarás a dhéanamh agus féadfaidh an tÚdarás dul ar aghaidh leis agus agairt ina leith amhail is dá mba é an tÚdarás a d'fhulaing an caillteanas nó an díobháil.

Forálacha de dhroim feidhmeanna, sócmhainní agus dliteanais a aistriú chuig an Údarás.

**42.**—(1) Aon ní a bheidh tosaithe agus nach mbeidh críochnaithe roimh an lá bunaithe ag comhlacht díscaoilte, nó faoi údarás comhlachta dhíscaoilte, féadfaidh an tÚdarás, a mhéid a bhaineann sé le feidhm a aistreofar chuig an Údarás faoi *alt 38*, leanúint ar aghaidh leis nó é a chríochnú an lá bunaithe nó dá éis.

(2) Maidir le gach ionstraim arna déanamh faoi achtachán, maidir le gach doiciméad (lena n-áirítear aon deimhniú) arna dheonú nó arna dhéanamh, agus maidir le gach clár arna bhunú, i gcomhlíonadh feidhme a aistreofar le *halt 38*, agus maidir le gach liosta arna fhoilsiú faoi alt 9 den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1957, más rud é go raibh sí nó sé i bhfeidhm, agus a mhéid a bhí sí nó sé i bhfeidhm, díreach roimh an lá bunaithe, beidh éifeacht léi nó leis an lá sin agus dá éis amhail is dá mba é an tÚdarás a dheonaigh, a rinne, a bhunaigh nó a d'fhoilsigh í nó é.

(3) Déanfar tagairtí do Bhord Fáilte Éireann nó don Chomhairle um Oideachas, Earcaíocht agus Oiliúint, Teoranta, atá i meabhrán comhlachais nó in airteagail chomhlachais aon chuideachta agus a bhaineann le feidhm a aistreofar le *halt 38* a fhorléiriú, an lá bunaithe agus dá éis, mar thagairtí don Údarás.

(4) Aon airgead, stoic, scaireanna nó urrúis a aistreofar le *halt 39* agus a bheidh, díreach roimh an lá bunaithe, in ainm comhlachta dhíscaoilte, déanfar, ar iarraidh a fháil ón Údarás, iad a aistriú isteach in ainm an Údaráis.

(5) Beidh deimhniú arna shíniú ag an Aire á rá, maidir le haon mhaoin, ceart nó dliteanas, gur dílsíodh nó, de réir mar a bheidh, nár dílsíodh í nó é don Údarás faoi *alt 39* nó *40*, ina fhianaise leordhóthanach, mura suífear a mhalairt, ar an bhfíoras arna dheimhniú amhlaidh chun gach críche.

## SCEIDEAL 1

*Alt 5.*

### Na hAchtacháin a Aisghairtear

| Bliain agus Uimhir (1) | Gearrtheideal (2) | Méid na hAisghairme (3) |
|---|---|---|
| Uimh. 24 de 1939 | An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1939 | Ailt 4, 6, 7, 8, 9, 11, 12, 13, 16, 17, 18, 21 agus 22 |
| Uimh. 15 de 1952 | An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1952 | Ailt 5, 6, 12, 13, 14, 15, 16, 17, 18, 19, 20, 21, 22, 23 agus 24 |

| Bliain agus Uimhir (1) | Gearrtheideal (2) | Méid na hAisghairme (3) |
|---|---|---|
| Uimh. 5 de 1955 | An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1955 | Ailt 5, 6, 8 agus 9 |
| Uimh. 27 de 1957 | An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1957 | Ailt 2, 3 agus 4 |
| Uimh. 27 de 1959 | An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1959 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 37 de 1961 | An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1961 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 22 de 1963 | An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1963 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 3 de 1966 | An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1966 | Ailt 3, 4, 5 agus 6 |
| Uimh. 29 de 1968 | An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1968 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 16 de 1970 | An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1970 | Ailt 2, 3, 4, 5 agus 6(*a*) |
| Uimh. 28 de 1972 | An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1972 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 26 de 1975 | An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1975 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 22 de 1979 | An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1979 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 31 de 1983 | An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1983 | Ailt 2, 6, 9, 10 agus 11 |
| Uimh. 11 de 1987 | An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1987 | An tAcht iomlán |
| Uimh. 13 de 1995 | An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1995 | Ailt 2, 3, 4, 8 agus 9 |
| Uimh. 45 de 1998 | An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1998 | An tAcht iomlán |

## SCEIDEAL 2

*Alt 12.*

### Feidhmeanna is Inchomhlíonta ag Conraitheoir

| An tAchtachán<br>(1) | An Fhoráil dá nDéantar Difear<br>(2) |
|---|---|
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1939 | Alt 24(1) (arna leasú le halt 5(1)(i) den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1957, le halt 2(1)(*b*) den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1966, le halt 6(*b*) den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1970 agus le halt 7(1) den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1983), |
| | alt 26(1), |
| | alt 27(1), |
| | alt 27(2), seachas na focail “agus a bheidh an Bord ar an tuairim an t-áitreabh san do bheith ionchláruithe sa chlár san,”, |
| | alt 27(3)(*a*) agus (*b*), seachas na focail “agus a bheidh an Bord ar an tuairim gan an t-áitreabh san do bheith ionchláruithe sa chlár san,”, |
| | alt 27(4), |
| | alt 29(1) (arna leasú le halt 10(1) den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1957), |
| | alt 30(1), seachas na focail “má bhíd ar an tuairim ná fuil scurtha ag an áitreabh san de bheith ionchláruithe sa chlár san,”, |
| | alt 30(2), seachas na focail “agus a bheidh an Bord ar an tuairim go bhfuil scurtha ag an áitreabh san de bheith ionchláruithe sa chlár san”, |
| | alt 30(3), seachas na focail “agus a bheidh an Bord, de thoradh an iniúchta san, ar an tuairim ná fuil scurtha ag an áitreabh san de bheith ionchláruithe sa chlár san,”, |
| | alt 30(4)(*a*) agus (*b*) (arna leasú le halt 28 den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1952), seachas na focail “agus a bheidh an Bord ar an tuairim i gcomhnaí, d’ainneoin an iniúchta san, go bhfuil scurtha ag an áitreabh san de bheith ionchláruithe sa chlár san,”, |
| | alt 31(1), (2) agus (3)(*b*) agus (*d*) (a cuireadh isteach le halt 30 den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1952), |
| | alt 32, |
| | alt 39(1), seachas na focail “ar pé slí is ceart dar leo”, |
| | alt 39(2), seachas na focail “más ceart san dar leo”, |
| | alt (40)(1)(*b*) agus (2)(*a*) agus (*b*), |
| | alt 44(1), (3) agus (5), |
| | alt 45 (arna leasú le halt 5(iv) den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1957, le halt 2(1)(*f*) den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1966, le halt 6(*e*) den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1970 agus le halt 7(3) den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1983). |

| An tAchtachán<br>(1) | An Fhoráil dá nDéantar Difear<br>(2) |
|---|---|
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1952 | Alt 5(2)(*a*) (arna leasú le halt 5(2) den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1957, le halt 2(2) den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1966, le halt 5 den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1970 agus le halt 7(5) den Acht um Thrácht Cuartaíochta, 1983),<br>alt 26,<br>alt 27, seachas na focail "agus faoi rogha an Bhoird,",<br>alt 32(2), seachas na focail "Más é tuairim an Bhoird" agus "go bhfuil scortha ag an áitreabh sin de bheith inchláruithe",<br>alt 32(3)(*a*) agus (*b*), seachas na focail "gurb é tuairim an Bhoird i gcónaí go bhfuil scortha ag an áitreabh sin de bheith inchláruithe". |
| An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1957 | Alt 6 agus alt 7. |

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€3.81

9 781399 307376